Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7254/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/00439(NLE)**

**COASI 57**
**ASIE 25**
**POLMAR 15**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear fochoiste um chomhar muirí agus lena nglactar a théarmaí tagartha |

**CINNEADH (AE) 2023/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear fochoiste um chomhar muirí agus lena nglactar a théarmaí tagartha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) agus Airteagail 207 agus 209 de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2017/2414 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2018.

(2) De bhun Airteagal 48 den Chomhaontú, bunaíodh Comhchoiste agus tá sé de chúram air, *inter alia*, le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. De bhun Airteagal 48(3) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste le fochoistí speisialaithe a chur ar bun ar féidir leo cuidiú leis a chuid cúraimí a dhéanamh. Socraíonn an Comhchoiste comhdhéanamh agus cúraimí na bhfochoistí den sórt sin agus an chaoi a bhfeidhmíonn siad. Chuir an tAontas agus na hOileáin Fhilipíneacha araon in iúl gur spéis leo fochoiste um chomhar muirí a bhunú chun idirphlé tiomnaithe a éascú maidir le gach gné den chomhar muirí idir an tAontas agus na hOileáin Fhilipíneacha.

**1** IO L 343, 22.12.2017, lch. 3

**2** Cinneadh (AE) 2017/2414 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile (IO L 343, 22.12.2017, lch. 1).

(3) Tá an Comhchoiste, trí nós imeachta i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 8(2) dá rialacha nós imeachta, le cinneadh a ghlacadh lena gcruthaítear fochoiste um chomhar muirí agus lena nglactar a théarmaí tagartha.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú maidir le cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear fochoiste um chomhar muirí agus maidir lena théarmaí tagartha a ghlacadh, agus a mhéid a bheidh an cinneadh sin ceangailteach ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i nós imeachta i scríbhinn an Chomhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 48 den Chreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear Fochoiste AE-na nOileáin Filipíneach um chomhar muirí agus lena nglactar a théarmaí tagartha, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinneadh an Chomhchoiste san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*